AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

## I. TÉACS NA hIONSTRAIME CRÍOCHNAITHÍ

Tá na Lánchumhachtaigh:

ÓNA SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SEICE

ÓNA SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hEASTÓINE

Ó UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

ÓNA SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

Ó UACHTARÁN NA hÉIREANN,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA CIPIRE

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LAITVIA

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE

ÓNA MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE

Ó UACHTARÁN MHÁLTA

ÓNA SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

Ó UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA POLAINNE

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓVAICE

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

Ó RIALTAS RÍOCHT NA SUALAINNE,

ÓNA SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Ag teacht le chéile dóibh san Aithin ar an séú lá déag d'Aibreán sa bhliain dhá mhíle a trí, chun an Conradh a shíniú idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (BallstáiT an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach.

Tar éis a thabhairt dá n-aire gur tarraingíodh na téacsanna seo a leanas suas agus gur glacadh iad sa Chomhdháil idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach.

I. an Conradh idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach;

II. an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe

III. na téacsanna atá liostaithe anseo thíos atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe:

A. Iarscríbhinn I: Liosta forálacha acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na n-ionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá le bheith ina gceangal ar na Ballstáit nua agus le cur i bhfeidhm iontu amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 3 den Ionstraim Aontachais)

Iarscríbhinn II: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Ionstraim Aontachais

Iarscríbhinn III: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 21 den Ionstraim Aontachais; Foscríbhinn

Iarscríbhinn IV: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 22 den Ionstraim Aontachais

Iarscríbhinn V: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: Poblacht na Seice; Foscríbhinní A agus B

| | |
|---|---|
| Iarscríbhinn VI: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Eastóin |
| Iarscríbhinn VII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Chipir; Foscríbhinn |
| Iarscríbhinn VIII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Laitvia; Foscríbhinní A agus B |
| Iarscríbhinn IX: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Liotuáin; Foscríbhinní A agus B |
| Iarscríbhinn X: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Ungáir; Foscríbhinní A agus B |
| Iarscríbhinn XI: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: Málta; Foscríbhinní A, B agus C |
| Iarscríbhinn XII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Pholainn; Foscríbhinní A, B agus C |
| Iarscríbhinn XIII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An tSlóivéin; Foscríbhinní A agus B |
| Iarscríbhinn XIV: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An tSlóvaic; Foscríbhinn |
| Iarscríbhinn XV: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 32(1) den Ionstraim Aontachais |
| Iarscríbhinn XVI: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 52(1) den Ionstraim Aontachais |
| Iarscríbhinn XVII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 52(2) den Ionstraim Aontachais |
| Iarscríbhinn XVIII | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 52(3) den Ionstraim Aontachais |

B. Prótacal Uimh**.** 1 maidir le leasuithe ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Prótacal Uimh. 2 maidir le tionscal cruach na Seice a athstruchtúrú

Prótacal Uimh. 3 maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir

Prótacal Uimh. 4. maidir le Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sa Liotuáin

Prótacal Uimh. 5 maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise

Prótacal Uimh. 6 maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil i Málta

Prótacal Uimh. 7 maidir le ginmhilleadh i Málta

Prótacal Uimh. 8 maidir le tionscal cruach na Polainne a athstruchtúrú

Prótacal Uimh. 9 maidir le hAonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic

Prótacal Uimh. 10 maidir leis an gCipir

C. Na téacsanna den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar aon le téacsanna na gConarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris.

Gabhann na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin gach faisnéis is gá chun an Ionstraim i dtaobh na gcoinníolla aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí a chur i bhfeidhm a chur in iúl don Choimisiún agus dá chéile. Nuair is gá, soláthrófar an fhaisnéis sin in am trátha roimh dháta an aontachais chun gur féidir an Ionstraim a chur i bhfeidhm go hiomlán ó dháta an aontachais, go háirithe a mhéad a bhaineann le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh. Féadfaidh an Coimisiún na Páirtithe Conarthacha nua a chur ar an eolas faoin am ar faoina cheann a mheasann sé atá sé iomchuí faisnéis shonrach eile a fháil nó a sheoladh. Faoi cheann lá seo an tsínithe, soláthraíodh liosta do na Páirtithe Conarthacha ina leagtar amach na hoibleagáidí fáisnéise i réimse na tréidliachta.